







SuperValu
# Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol



# SRÁID-DREACH AGUS ÁITEANNA POIBLÍ








Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

## Lámhleabhar

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SuperValu

Brought to you by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Tugtha chugaibh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Gaeltachta

## Cuireadh comórtas SuperValu na mBailte Slachtmhara ar bun thiar sa bhliain 1958. Tá sé ar an tionscnamh comhshaoil inbhuanaithe is mó cáil in Éirinn. Tá an comórtas á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Tá sé urraithe ag SuperValu ó bhí 1991 ann.

---

Déantar moltóireacht ar an gcomórtas de réir ocht gcatagóir:

- **Pobal: Pleanáil agus Rannpháirtíocht**
- **Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí**
- **Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh**
- **An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar**
- **An inbhuanaitheacht: Breis a bhaint as beagán**
- **Slacht agus Rialú Bruscair**
- **Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta**
- **Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí**

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, clár dar teideal "I mbun athraithe".
I gcroílár an Chláir Oibre seo tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) ina dtugtar léargas ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe.
I gcodanna éagsúla den fhoirm iontrála, feicfidh sibh nasc idir na spriocanna seo agus catagóirí éagsúla
i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. Más cuí, tabhair sonraí faoi gach catagóir ina bhféachann na tionscadail nó na tionscnaimh le tabhairt faoi cheann amháin de na spriocanna inbhuanaithe nó níos mó ná sin.

Feicfidh sibh go bhfuil an chatagóir "Sráid-dreach agus Áiteanna Poiblí" ag teacht le spriocanna 3, 11, 14, 15 agus 17.




Fuarthas comhairle ó phainéal náisiúnta moltóirí chomórtas na mBailte Slachtmhara nuair a bhí an Lámhleabhar seo á chur le chéile. Tá an Lámhleabhar leagtha amach ina rannóga agus pléitear gach catagóir den chomórtas ceann ar cheann. Moltar don iontrálaí gan Cuirtear béim mhór ar an tírdhreachadh sa mholtóireacht ar Shráid-dreacha agus Áiteanna Poiblí. Breathnófar ar Shráideanna Cónaithe, Limistéir Thithíochta, Bóithre Isteach, Sráideanna, Lánaí, Slacht agus Rialú Bruscair i gcatagóirí éagsúla. Mholfaimis daoibh, mar sin, breathnú ar na catagóirí ar fad, is cuma cén tionscadal nó tionscnamh a bheidh i gceist agaibh.

Ba chóir féachaint ar an rannóg ina dtugtar Eolas Ginearálta, áit a bhfuil eolas fiúntach do gach grúpa atá ag plé leis na Bailte Slachtmhara.

Sa rannóg seo, táimid ag plé leis "An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gceantar féin". Féachaigí an bhileog scórála, áit a leagtar amach na marcanna don chatagóir seo. Tá an téacs seo a leanas ar an bhfoirm iontrála chun cuidiú leis an iontrálaí an chuid seo den fhoirm iontrála a líonadh amach.

**Foirgnimh:** Déanfar measúnú ar chaomhnú foirgneamh oidhreachta, ar chaighdeán aghaidh na siopaí agus ar an gcuma orthu. Cuirfear san áireamh ann dearadh, inbhuanaitheacht, inrochtaineacht, inúsáidteacht agus oiriúnacht struchtúr nua nó foirgneamh conláistí cathartha do gach duine ar gach aois, méid, cumas nó míchumas. Ba chóir béim a leagan ar na hiarrachtaí atá déanta agaibh le dul i ngleic le láithreáin dhearóile agus foirgnimh fholmha, fiú murar éirigh na hiarrachtaí libh. Úsáidigí na huimhreacha tagartha mar atá tugtha anseo thíos chun tagairt don mhéid sin ar an léarscáil agus ar an eochair eolais.

**Áiteanna Poiblí:** Déanfar na gnéithe seo a leanas a mheas: cearnóga, páirceanna, spásanna spraoi, sráid-dreach, pábháil, tírdhreachadh agus troscán sráide. Cuimhneofar ar an inbhuanaitheacht agus ar an inrochtaineacht do chách. Cuirfear san áireamh an bhail ina bhfuil soilsiú sráide, soilsiú ar aghaidh foirgneamh, dearadh cuí comharthaíochta agus treochomharthaíochta ag baint le sráideanna agus le hainmchláir áiteanna. Leagfar béim ar an gcuma ar na láithreacha páirceála, conairí stairiúla, siúlbhealaí agus pointí isteach chuig conláistí nó áiseanna áitiúla agus úsáid ghinearálta na Gaeilge.




## SRÁID-DREACH AGUS ÁITEANNA POIBLÍ

Tá béim á cur sa chatagóir seo ar na sráid-dreacha agus áiteanna poiblí faoi leith atá i gcathracha, bailte móra agus sráidbhailte na tíre. Má táimid le tuiscint a fháil ar an tréith seo den áit, is fíorthábhachtach dúinn eolas a chur orthu. Caithfimid breathnú ar an áilleacht, suaithinseacht, saoithiúlacht agus, b'fhéidir, an t-aiteas a thugann dóibh a dtarraingteacht féin agus an t-ómós áite a bhaineann leo. Tá bailte móra agus sráidbhailte na tíre ann do phobal na háite mar áiteanna cónaithe, fostaíochta, áineasa agus siamsaíochta. Tá a dtréithe féin ag baint le gach áit acu, áiteanna a bhfuil sráid-dreacha, spásanna oscailte poiblí, stíleanna tógála. Is as an méid sin ar fad a thagann nádúr na háite. Tá a stair agus a dtraidisiúin féin ag baint leo go léir, agus cuireann siad sin le saintréithe áite. An rud atá le cosaint agus le feabhsú againne ná na saintréithe speisialta faoi leith seo. Má bhíonn tuiscint againn ar an áit, beimid in ann tacú le bailte móra agus le sráidbhailte na tíre le go mairfidh agus le go bhfásfaidh siad.

## Na rudaí a chuirfidh an Moltóir san áireamh

Gnéithe a chuireann le Saintréithe na hAiltireachta

1. Foirgnimh Phoiblí agus Phríobháideacha, Suíomhanna agus Foirgnimh Dhearóile ina measc
2. Ábhair agus Dathanna Foirgneamh
3. Aghaidh Siopaí agus Urláir Uachtair
4. Reiligí
5. Áiteanna Poiblí – Sráideanna
   - na Ríochta Poiblí
   - Pábháil
   - Troscáin
   - Sráide
   - Leachtanna, Dealbha agus Foirmeacha
   - Ealaíne, Cáblaí Lastuas
6. Comharthaíocht
7. Cóireálacha Teorainneacha

**Le tabhairt faoi deara:** Cuirtear i gcuimhne do ghrúpaí agus oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara gur gá tús áite a thabhairt i dtólamh dá sábháilteacht agus leas. Moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara comhairle a iarraidh ar an nGarda Síochána nó aon údarás cuí eile sula dtugtar faoi thionscadail ar an mbóthar, cois bóthair nó ar imeall bóthair, é sin ar mhaithe le sábháilteacht oibrithe deonacha.

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

## GNÉITHE A CHUIREANN LE SAINTRÉITHE NA hAILTIREACHTA

Tá gnéithe éagsúla ag baint leis na saintréithe ailtireachta i mbaile mór nó i sráidbhaile, cuir i gcás stíl ailtireachta na bhfoirgneamh agus na sráid-dreach, patrún sráideanna, troscáin sráide agus comharthaíochta, agus caighdeán na ceardaíochta. Nuair a chuirtear an méid sin ar fad le chéile, is as sin a thagann beocht agus inmharthanacht áite.
Gné thar a bheith tábhachtach den obair ná foirgnimh stairiúla agus oidhreachta. Cuirfidh an tÚdarás Áitiúil san áireamh foirgnimh ar fiú iad a chosaint. Is minic a bhíonn foirgnimh bheaga dhúchasacha ann, foirgnimh a bhfuil gné shóisialta nó stairiúil ag baint leo, b'fhéidir. Cé nach bhfuil aon luach 'Ailtireachta' ag baint leo, tá fiúntas áitiúil ag baint leo agus cruthaíonn siad difear idir áit amháin agus áit eile. Seans go mbeadh láithreáin spéisiúla seandálaíochta ann chomh maith. Cuireann gach ceann de na gnéithe seo leis na saintréithe ailtireachta faoi leith a bhfuil meas againn orthu agus a bhfuilimid ag iarraidh iad a chaomhnú, a chothabháil agus a chosaint agus, san am céanna, an fhorbairt á spreagadh againn chun an baile mór nó an sráidbhaile a fheabhsú. Na gnéithe éagsúla a chuireann le saintréithe speisialta na háite, is féidir iad a dhéanamh amach bunaithe ar shuirbhé den bhaile mór nó sráidbhaile. Cuidiú a bheidh sa suirbhé le gnéithe éagsúla a leagan amach in ord tosaíochta de réir mar a bheidh aird le tabhairt orthu. Agus suirbhé á dhéanamh, ba chóir foirgnimh thábhachtacha áitiúla a thaifeadadh ann, chomh maith leis na hábhair agus dathanna atá iontu agus a suíomhanna, aghaidh siopaí, séadchomharthaí, troscán sráide, comharthaíocht, pábháil sráide agus colbhaí a mbeadh gné stairiúil ag baint leo. Gheofar tuilleadh eolais maidir le suirbhéanna a dhéanamh ó na hOifigigh Oidhreachta/Chaomhantais sna hÚdaráis Áitiúla. Is foinsí breátha eolais iad Cumainn Áitiúla Staire chomh maith.

**Má chloítear le prionsabail an deartha, is fearr a bheifear in ann saintréithe ailtireachta baile mhóir nó sráidbhaile a choinneáil. Seo samplaí de na prionsabail deartha seo:**

- Má bhíonn athchóiriú mór le déanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana nó má bhíonn foirgnimh nua inlíonta á dtógáil, féachaint chuige lena chinntiú go mbeidh an méid sin ag teacht le* saintréithe ailtireachta an cheantair.
- Daoine a spreagadh le foirgnimh atá ann cheana a úsáid, a chothabháil agus a fheabhsú go leanúnach
- Athúsáid foirgneamh folamh agus urlár uachtair os cionn siopaí a chur chun cinn
- Ábhair phábhála, patrúin phábhála agus troscán sráide (cuir i gcás ráillí, céimeanna, cuaillí solais, binsí agus leachtanna) le bheith ag teacht leis* na hábhair atá ann cheana féin. (*Ní hionann 'ag teacht le' agus aithris iomlán a dhéanamh ar rud. Ba chóir, sa struchtúr nua, cloí le mionghnéithe atá le feiceáil i bhfoirgnimh eile atá ann nó sa sráid-dreach - foirm, stíl, ábhair nó dath, b'fhéidir).

Moltar do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara forbairtí beartaithe foirgneamh agus spásanna poiblí ina mbailte móra, sráidbhailte agus ceantair a mheas lena dheimhniú go gcloífear leis na prionsabail deartha seo.

## FOIRGNIMH PHOIBLÍ AGUS PHRÍOBHÁIDEACHA, SUÍOMHANNA AGUS FOIRGNIMH DHEARÓILE INA MEASC

Bíonn meascán le feiceáil de ghnáth i ngach baile mór agus sráidbhaile d'fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha. Go hiondúil, is iad tithe pobail, tithe margaidh, teach na cúirte, bainc, scoileanna agus leabharlanna an chuid is mó de na foirgnimh 'phoiblí'. Tá cuid mhaith de na feidhmeanna seo le fáil i bhfoirgnimh stairiúla atá ina Struchtúir faoi Chosaint i bPleananna Forbartha Údarás Áitiúil. Beidh caomhnú agus taispeáint na bhfoirgneamh oidhreachta seo, agus a ráillí, céimeanna, gairdíní, cosán, etc., á gcur san áireamh ag an moltóir. Is iad na foirgnimh phríobháideacha ná tithe bailte móra, siopaí, oifigí agus na foirgnimh eile ar fad atá faoi úinéireacht phríobháideach arb iad na foirgnimh eile sa sráid-dreach iad. Foirgnimh agus struchtúir eile atá dúchasach ó thaobh stíle de, tá siad sách suaithinseach agus cuireann siad le nádúr bailte móra agus sráidbhailte. Ba nós é ábhair áitiúla a úsáid nuair a bheadh struchtúir dhúchasacha á dtógáil, iad deartha chun traidisiúin na háite a léiriú agus iad á dtógáil chun saoirseacht ceardaithe áitiúla a léiriú. Samplaí de struchtúir den chineál seo ná teachíní, foirgnimh feirme, ceártaí, colbhaí eibhir agus aolchloiche, ballaí teorann, piaraí geataí, geataí, etc.

Tá an obair a theastaíonn lena chinntiú go bhfanfaidh foirgnimh agus siopaí i mbailte móra agus sráidbhailte gníomhach agus iad á n-úsáid go táirgiúil

i dtús áite ar an gclár oibre ag gach Údarás Áitiúil. Leis sin a bhaint amach, féachtar le gach úsáid reatha mhiondíola, tráchtála agus chónaithe a choinneáil, chomh maith le gníomhaíochtaí breise a spreagadh, cuir i gcás siopaí folmha a athúsáid, trádstórais fholmha a athchóiriú agus 'cónaí os cionn an tsiopa' a chur chun cinn le daoine a chur ina gcónaí i lár bailte móra agus sráidbhailte. Is féidir an cur chuige seo a úsáid chomh maith le beocht úr a chur i gcomharsanachtaí agus tailte cúil. Moltar do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara dul i mbun oibre i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla agus le trádálaithe áitiúla agus le Comhlachas Tráchtála na háite ionas go mbainfear amach caighdeáin arda ó thaobh cuma de i mbailte móra agus sráidbhailte na tíre agus go mbeidh siad tarraingteach i gcónaí mar áiteanna chun cónaí agus dul ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.

Má bhíonn foirgnimh agus láithreáin thréigthe agus dhearóile ann, féadfaidh a macasamhail sráid-dreacha bailte móra agus sráidbhailte a mhilleadh, go háirithe má bhíonn a leithéid le feiceáil in áiteanna suntasacha ar an bpríomhshráid. Bíonn dearóiliú agus meathlú uirbeach ann ar chúiseanna éagsúla. Tá na cumhachtaí cuí ag Údaráis Phleanála chun dul i ngleic le fadhbanna dá leithéid. Mar shampla, féadfaidh an tÚdarás Pleanála fógra a sheirbheáil ar úinéir láithreáin dhearóil nó úinéir foirgnimh agus iallach a chur ar an duine sin na hoibreacha leasúcháin riachtanacha a chur i gcrích. Ina ionad sin, féadfaidh an tÚdarás Áitiúil féin an obair a chur i gcrích agus na costais seo a fháil ar ais ón úinéir. Tá Grúpaí na mBailte Slachtmhara in ann cuidiú le hÚdaráis Áitiúla, iad a chur ar an eolas faoi fhoirgnimh dhearóile agus láithreáin fholmha, agus iarraidh orthu go gcuirfear na foirgnimh agus láithreáin sin leis na cláir chuí.
Má bhíonn eolas ann faoi fhoirgneamh nó láithreán ó thaobh úinéireachta de, ba chóir an t-eolas sin a thabhairt chomh maith do na hÚdaráis Áitiúla. Réitigh shealadacha atá ann leis an bhfadhb a réiteach ná na foirgnimh dhearóile a phéinteáil nó clársconsaí (agus múrphictiúir orthu) a úsáid chun iad a chlúdach. Bíodh sin mar atá, níor chóir aon oibreacha a dhéanamh go dtí go bhfaighfear cead scríofa ón úinéir agus ón Údarás Áitiúil. B'fhéidir go bhféadfadh sibh dul chuig an úinéir agus cead a lorg an foirgneamh a phéinteáil le go mbeadh cuma níos fearr air nó clársconsa a chur suas thart ar an bhfoirgneamh ar a bhféadfaí múrphictiúr a phéinteáil, eachtra áitiúil staire cuir i gcás.

## ÁBHAIR AGUS DATHANNA FOIRGNEAMH

Sa rannóg seo, beifear ag breathnú ar bhealaí le cineálacha éagsúla d'fhoirgnimh sna cathracha, bailte móra agus sráidbhailte a chothabháil agus a chur i láthair. Chun críocha an Lámhleabhair seo, meastar go bhfuil 3 chineál foirgnimh ann is mó a chuireann go suntasach le tréithe ailtireachta áite. An chéad chineál foirgnimh ná foirgnimh mhóra phoiblí (cuir i gcás tithe pobail, tithe cúirte, etc.). Struchtúir cloiche gearrtha a bhíonn iontu seo de ghnáth agus colbhaí ornáideacha cloiche fuinneoige agus dorais iontu. An dara cineál foirgnimh ná foirgnimh brící, a fhaightear go hiondúil sna cathracha. An tríú cineál foirgnimh ná struchtúir dhúchasacha (tithe baile mhóir, teachíní agus foirgnimh feirme). Bíonn siad seo tógtha le cloch gharbh agus is minic colbhaí brící fuinneoige iontu. I gcásanna áirithe, úsáideadh rindreáil aoil orthu agus uaireanta cuireadh leachtbhrat aoil mar phlána mín orthu. Ba chóir an rindreáil aoil a choinneáil mar chlúdach ar na foirgnimh chloiche dhúchasacha seo. Níor chóir an rindreáil seo a bhaint nó tiocfaidh uisce isteach sa struchtúr agus déanfar damáiste dó. Is iad foirgnimh i stíleanna dúchasacha a bhfuil clúdach rindreáilte orthu is mó atá le fáil i mbailte móra agus sráidbhailte in Éirinn.

I gcás na bhfoirgneamh a bhfuil clúdach nádúrtha cloiche agus brící orthu, ní bhíonn ach méid an-bheag cothabhála le déanamh toisc go bhfuil an dá cheann acu deas tarraingteach agus inmharthana. Maidir leis na foirgnimh dhúchasacha rindreáilte, áfach, is féidir dhá chur chuige cothabhála a úsáid. An chéad chur chuige atá ann ná aghaidh rindreáilte foirgnimh a ní seachas í a phéinteáil. Seo an cur chuige is saoire agus mar thoradh air bíonn foirgneamh glan ann nach gá é a phéinteáil go rialta (gach 2 bhliain go 4 ceithre bliana). Bíonn ábhar datha istigh i gcuid den rindreáil nua, ábhar atá deartha ionas nach mbeidh péinteáil le déanamh. An dara cur chuige atá ann ná an rindreáil a phéinteáil. Is féidir leas a bhaint as dathanna chun cur go mór le sráid-dreach iomlán, sraith teachíní nó sraith tithe, go háirithe má roghnaítear na dathanna go cúramach.
I mbailte móra agus sráidbhailte áirithe, déantar scéim na ndathanna a chomhordú le go mbeidh cuma tharraingteach ar an áit ar fad agus le go rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an oiread daoine agus is féidir.

Maidir le Grúpaí na mBailte Slachtmhara a mbeadh suim acu scéim dathanna a chur le chéile, moltar dóibh tabhairt faoin obair i gcomhar leis na hailtirí san Údarás Áitiúil a bheidh in ann comhairle a chur orthu i dtaobh dathanna. Seans go mbeidh cuid acu in ann deontas a chur ar fáil le costas na hoibre a chlúdach i bpáirt. Seans go mbeidh Comhlachas Tráchtála nó Cumann Gnó in ann urraíocht agus cuidiú a thabhairt. Má bhítear ag tabhairt faoi scéim péinteála ar bith, is dócha go mbeidh comhairle ag teastáil ar cheisteanna cuir i gcás an dath ar aghaidh foirgneamh, mionghnéithe ailtireachta ar chóir béim a leagan orthu (nó a choinneáil faoi cheilt), dathanna doirse agus fuinneog, péintéireacht earraí báistí, ráillí, etc. Féadfaidh Grúpaí na mBailte Slachtmhara (ag obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus urraitheoirí áitiúla más féidir) dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí maoine lena bhfoirgnimh a chothabháil, mar shampla comórtais a reáchtáil - 'An tSráid is Slachtmhaire', 'An Foirgneamh is Slachtmhaire', 'An Aghaidh is Slachtmhaire ar Shiopa', 'An tSraith Tithe is Slachtmhaire'. Spreagann comórtais mar seo úinéirí maoine le dul ag obair i gcomhar lena gcomharsana lena n-áitreabh a chothabháil agus, san am céanna, bíonn iomaíochas cairdiúil ann idir sráideanna agus sraitheanna. Buaicphointe an imeachta ná oíche bronnta gradam, agus i láthair ar an oíche sin beidh ionadaithe ón Údarás Áitiúil, polaiteoirí, gnólachtaí áitiúla agus na meáin.

Rud traidisiúnta é leas éifeachtach a bhaint as dathanna ar fhuinneoga, doirse, éadain agus mionghnéithe eile d'fhoirgnimh. Tá cásanna ann inar baineadh feidhm as dathanna ar aghaidh iomlán foirgnimh le beocht agus brí a chur leis an sráid-dreach, rud a chuireann go mór le timpeallacht uirbeach. Is féidir leas a bhaint as dathanna chun cur go mór le sráid-dreach iomlán, le sraith teachíní nó le sraith tithe.

Níor chóir foirgneamh iomlán a phéinteáil ach amháin má bhíonn sé i gceist tabhairt faoin bpróiseas céanna gach dhá/ceithre bliana. Is minic is féidir aghaidh rindreáilte foirgnimh a ní seachas a phéinteáil. Seo cur chuige níos saoire agus bíonn foirgneamh deas glan ann ag an deireadh. Bíonn ábhar datha istigh i gcuid den rindreáil nua, ábhar atá deartha ionas nach mbeidh péintéireacht de dhíth.

## AGHAIDH SIOPAÍ AGUS URLÁIR UACHTAIR

Den chuid is mó, is foirgnimh i sraitheanna a bhíonn sna sráid-dreacha againn, siopaí ar urlár na talún. San am atá caite, bheadh lóistín thuas staighre d'úinéirí na siopaí. Cuireann an meascán úsáidí seo beocht isteach i lár bailte móra na tíre. Cuireann caighdeán agus dearadh na n-aghaidheanna traidisiúnta siopaí le saintréithe agus díol spéise na hailtireachta. Bíonn aghaidheanna siopaí de gach cineál ann, cuid acu thar a bheith ornáideach agus mionghnéithe maisiúla orthu, cuid acu deas simplí gan orthu ach ainm an úinéara i litreacha soiléire troma. Is minic dearadh aghaidh an tsiopa ina léiriú ar na hearraí atá ar díol ann. Bheadh na fuinneoga ar shiopa éadaitheoireachta deas néata agus ba mhinic colúin cúnga adhmaid ann le hiad a scaradh. Bhaintí feidhm as gloine go minic sna cógaslanna ag an doras isteach agus bhíodh comharthaí deasa iontu. Ba mhinic tíleanna maisiúla nó Vitrolite (gloine struchtúrach) i siopaí búistéara. Is minic cúis bhróid iad dá n-úinéirí agus don phobal agus, leis an méid a chuireann siad le bailte móra agus sráidbhailte na tíre, tá siad á gcur san áireamh mar Struchtúir faoi Chosaint i bPleananna Forbartha Contaetha.
Is riachtanach iad seo a chaomhnú ionas go mbeidh naisc againn leis an am atá thart trí na samplaí seo den oidhreacht thógtha. Má bhíonn suirbhé le déanamh ar bhaile mór nó sráidbhaile (é sin á dhéanamh ag an Údarás Áitiúil nó ag Grúpa na mBailte Slachtmhara), moltar aghaidheanna siopaí a chur san áireamh ann.

Bhíodh na comhpháirteanna den aghaidh thraidisiúnta ar shiopa in Éirinn á spreagadh ag an ailtireacht chlasaiceach agus is éard a bheadh ann ná coirnis (an chuid ag an mbarr), éadan (áit a scríobhtar an t-ainm), piléir ballaí (na codanna ingearacha ón talamh go dtí an t-éadan) agus an t-ardúch stalla (an chuid ag an mbun thíos faoi fhuinneog na taispeána). Tá cuid mhaith aghaidheanna siopaí ann atá tar éis cloí le codanna móra gloinithe agus béim curtha acu ar an gcomharthaíocht / ar an mbrandáil (agus soilsiú) agus iad ag bogadh ar shiúl ó thaispeáint san fhuinneog. Tá drochthionchar ag baint leis an laghdú ar líon na bhfuinneog taispeána toisc nach bhfuil an bheocht chéanna le fáil sna bailte móra agus sráidbhailte le linn uaireanta oibre agus tráthnóna. Mar chuid den iarracht le dearadh aghaidheanna siopaí ardchaighdeáin nua-aimseartha a chur chun cinn, tá cuid mhaith de na hÚdaráis Áitiúla tar éis Treoirlínte


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Deartha Aghaidheanna Siopaí a chur ar fáil. Bíonn treoir iontu go minic gur gá 'meas' a léiriú in aghaidh nua siopa ar an bhfoirgneamh agus ar aghaidh thosaigh an tsiopa agus, leis sin a dhéanamh, gan ach comharthaí a chur ar leibhéal urlár na talún, ainmchlár a chur ar an éadan os cionn na bhfuinneog taispeána agus dathanna a roghnú chun idirdhealú a dhéanamh idir urlár na talún agus na hurláir uachtair. Bíonn aghaidheanna siopaí nua-aimseartha ar fhoirgnimh chomhaimseartha. Mar thoradh ar na dearaí suimiúla nuálacha seo, bainfear leas as ábhair nua-aimseartha agus forbairtí teicneolaíochta. Moltar na hurláir uachtair a úsáid i lár cathracha, bailte móra agus sráidbhailte mar go mbainfear úsáid éifeachtach as foirgnimh dá réir agus go gcuirfidh sé beocht sna sráideanna tráthnóna. Mar sin, má bhíonn aghaidh siopa á hathchóiriú, is gá go mbeidh teacht ar na leibhéil uachtair ón tsráid. Moltar gur chóir do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara dul ag obair i gcomhar leis an Údarás Áitiúil agus le trádálaithe áitiúla/leis an gComhlachas Tráchtála chun aghaidheanna ardchaighdeáin a chur chun cinn sa dóigh is go mbeidh lár bailte móra breá bríomhar, deas suaithinseach agus tarraingteach.

Tá fuinneoga siopaí deartha chun earraí a chur ar taispeáint iontu. Ar an drochuair, le blianta beaga anuas, tá nós tagtha chun cinn comharthaí a cheangal go díreach ar an taobh istigh ar an ngloine, rud a fhágann nach féidir aon chineál de thaispeántas a chur san fhuinneog. Fágann an nós seo gur áiteanna iad na sráideanna nach bhfuil deas le siúl iontu. Má bhíonn sráid-dreach gníomhach ann agus meascán de thaispeántais fuinneoige iontu, cuirtear beocht isteach sa bhaile mór le linn uaireanta oibre agus tráthnóna. Tá an cineál comharthaíochta seo míthaitneamhach don phobal, daoine atá ag iarraidh go mbeidh 'sráideanna gníomhacha' sna bailte móra agus sráidbhailte.

Is gá feidhm a bhaint as urláir uachtair an tsráid-dreacha sraithe. Tarraingíonn aghaidheanna siopaí ár n-aird agus muid ag siúl sna bailte móra ach is gá na hurláir uachtair a phéinteáil agus a chothabháil. Tá scéimeanna dreasaithe cánach ag cuid mhór Údaráis Áitiúla chun úinéirí a spreagadh lena n-áitreabh a athchóiriú le go mbeidh daoine in ann cur fúthu i lár bailte móra agus cathracha os cionn na siopaí. An bealach isteach chuig na hurláir uachtair seo ná doras in aghaidh thosaigh an fhoirgnimh in aice leis an siopa. Bíonn bealach isteach eile ann ar chúl, go minic trí ghairdín nó clós. Má bhaintear an fheidhm seo as na hurláir uachtair, beidh daoine le feiceáil tráthnóna ar shráideanna na mbailte móra. Má bhíonn athchóiriú ar bun ar aghaidh siopa, is gá an bealach isteach neamhspleách seo chuig na hurláir uachtair a choinneáil.

## REILIGÍ

Gné thábhachtach d'áiteanna tuaithe agus uirbeacha iad reiligí agus tugann siad léargas dúinn ar an am atá thart. Tá siad breactha ar fud na hÉireann, cuid acu in áiteanna iargúlta, cuid eile in áiteanna tábhachtacha sa phobal. Chomh maith leis na reiligí ar fad atá againn a bhaineann le cineálacha éagsúla creidimh, cuireann reiligí an Ghorta Mhóir i gcuimhne dúinn cuid den uafás a bhaineann le stair na tíre. Le cúpla bliain anois, tá na Bailte Slachtmhara agus grúpaí pobail eile tar éis tabhairt faoi obair mhór i seanreiligí, cuir i gcás comharthaí aitheantais a chur isteach, obair atá i ndiaidh cur leis an eolas atá ag daoine ar stair a gceantair. Mar sin féin, is tábhachtach a chuimhneamh gur láithreáin seandálaíochta iad seanreiligí atá á gcosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2014, agus nach mór cead scríofa a fháil sula dtugtar faoi aon obair iontu. Is gnáthóga iad reiligí do réimse leathan dúlra agus fiadhúlra ar gá iad a chosaint má bhíonn aon obair chothabhála, chaomhantais agus thaifeadta ar bun. Luaitear san Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, gur cion atá ann fásra atá ag fás a scriosadh le linn míonna áirithe. Tá sé fíorthábhachtach scéimeanna oibreacha reilige a phleanáil i ngach reilig ina mbíonn obair le déanamh, go háirithe na reiligí sin atá ag feidhmiú mar ghnáthóg ag plandaí fiáine, ainmhithe fálta sceach agus éin. Mar sin, is gá obair chothabhála i reiligí a phleanáil go cúramach le go gcuirfear an obair i gcrích i gcomhréir go docht leis an Treoir atá curtha ar fáil ag an gComhairle Oidhreachta.
**https://www.heritagecouncil.ie/content/files/guidance_care_conservation_recording_historic_graveyards_2011_7mb.pdf**

Moltar do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara ar mian leo tabhairt faoi obair chothabhála ina reiligí áitiúla dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil. Is minic an t-údarás áitiúil ina fhoinse mhaith ó thaobh comhairle, maoinithe agus saineolais de.

Cuireann seandálaithe saineolacha de chuid an Rialtais comhairle ar fáil saor in aisce do ghrúpaí pobail. Ba chóir cloí go docht leis an gcomhairle seo. Is minic a dhéantaí damáiste san am atá thart agus grúpaí pobail ag féachaint lena reiligí a ghlanadh - bhaintí eidhneán

as struchtúir ar an tslí mhícheart, mar shampla, rud a d'fhág gur thit siad, nó dhéantaí leaca tite uaigheanna a dhíriú, líontaí isteach cuasa, bhaintí crainn, chuirtí isteach ar uaigheanna, etc.

Ina choinne sin, i gcás reiligí nua, go háirithe reiligí féir agus reiligí a bhfuil leagan amach níos foirmiúla iontu, déantar iad a bhainistiú agus a chothabháil mar spásanna glasa. Rachaidh an cur crann chun tairbhe dóibh sin, agus is féidir fálta seachas ballaí a úsáid chun spás a scaradh, féitheacha a chur leis an tionchar físiúil ó bhallaí loma a laghdú, gan lotnaidí a úsáid a oiread agus is féidir, suíocháin a chur isteach, carrchlóis a réiteach mar thírdhreach, etc.

Níor chóir do phobal tochaltóir meicniúil a úsáid i reilig in am ar bith. Ba chóir uirlisí láimhe a úsáid in aon obair a dhéanfar. Tá cineálacha áirithe oibreacha ann nár chóir a dhéanamh choíche – loig aimhréidhe sa talamh a chothromú, clocha atá fódaithe sa talamh a bhaint, eidhneán a bhaint ó struchtúir cuir i gcás ballaí teorann, bruscar a dhó sa reilig, ná greanroiseadh leac uaighe. Sampla de na gnáthchineálacha oibreacha leasaithe ar féidir le grúpaí pobail tabhairt fúthu ná fásra a bhaint ar mhodh éiceolaíoch agus ansin é a bhaint de láimh dhá uair sa bhliain lena choinneáil in ord.
Fásann léicin go hiondúil ar sheanleaca uaighe, rud a chuireann le díol spéise na háite agus a choinníonn an truailliú aeir faoi smacht. Níor chóir leaca uaighe a ní ach a laghad agus is gá leis an eolas orthu a thaifeadadh. Ba chóir uisce agus scuaba boga a úsáid.

## ÁITEANNA POIBLÍ – AN RÍOCHT PHOIBLÍ

Is éard atá sa ríocht phoiblí na spásanna ar fad atá ann idir na foirgnimh i mbaile mór nó sráidbhaile a bhfuil teacht ag an bpobal orthu. San áireamh sa ríocht phoiblí tá sráideanna, cosáin, cearnóga, clóis súgartha agus páirceanna. Ina theannta sin, tá na rudaí a dtugaimid 'troscán sráide' orthu – suíocháin, cuaillí solais, boscaí poist, fógraí, araidí, comharthaí tráchta, clocha míle, mullaird, etc. Má bhíonn caighdeán áiteanna poiblí breá ard, cuireann sé sin le saol na ndaoine sa phobal. Is riachtanach iad seo a dhéanamh deas fáilteach le go mbeidh teacht ag cách orthu.
Is tábhachtach go mbeidh áiteanna poiblí ann ina mbeidh tús áite ag coisithe agus rothaithe seachas ag feithiclí má táthar le 'muintearas' a chothú in aon phobal.

Tá Grúpaí na mBailte Slachtmhara in ann ról an-tábhachtach a chomhlíonadh le spásanna poiblí a dhearadh, a fheabhsú agus a chothabháil. Moltar dóibh dul i dteagmháil leis an Údarás Áitiúil leis na moltaí chun feabhais a phlé.
Nár dheas spásanna beaga a aimsiú i mbaile mór nó i sráidbhaile ina bhféadfaí suíocháin a chur isteach, crann a chur nó spás súgartha a chur ar fáil?
Más féidir spásanna beaga poiblí a fhorbairt agus a fheabhsú, is féidir tacú leis an maireachtáil aoisbháúil agus is féidir cur leis an mbithéagsúlacht san áit. Féadfaidh spásanna beaga cuidiú leis an draenáil inbhuanaithe. Tá spásanna glasa agus plandaithe ina gcuidiú chun cuspóirí éiceolaíocha a bhaint amach agus dorchla fiadhúlra a chur ar bun. Fágann gníomhartha mar seo gur áiteanna níos oscailte do chách iad bailte móra agus sráidbhailte, áiteanna a mbeidh daoine ar gach cumas in ann bogadh thart gan stró.
Glactar leis go hiondúil go dtéann sé chun tairbhe do thírdhreacha crua, sráid-dreacha mar shampla, má chuirtear cóireáil mar thírdhreach bog i bhfeidhm orthu. Tá treoir maidir le crann, tor nó speiceas eile planda a roghnú agus faoin gcúram ina dhiaidh sin ar fáil sa rannóg dar teideal 'Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh'.

Tá tábhacht leis an mbail ar dhromchlaí bóthair agus cosáin i dtaca leis an gcuma atá ar áit. Ar na hábhair stairiúla phábhála atá ann tá doirneoga cruinne, leaca eibhir nó aolchloiche, seiteanna cloiche gearrtha agus cainéil draenála doirneoige. Bíonn an phábháil stairiúil chomh tábhachtach céanna uaireanta leis na foirgnimh thart orthu le muintearas a chothú. Déanann an dá cheann acu bród agus mórtas a chothú in áiteanna atá an-fheiceálach (cearnóga poiblí, mar shampla) agus in áiteanna a mbíonn níos lú tráchta iontu. Má dhéantar suirbhéanna ar na saintréithe ailtireachta, ba chóir aon ábhair stairiúla phábhála a chur san áireamh agus moltar taifead fótagrafach a ghlacadh de na hábhair agus na patrúin. Bheifí in ann na taifid seo a úsáid leis na hábhair stairiúla phábhála a chur isteach arís má bhíonn aon obair dheisiúcháin ann ar bhóthar nó cosán. Doiciméad úsáideach nuair a théitear i mbun plé leis an Údarás Áitiúil ná taifead fótagrafach d'ábhair agus patrúin. Is minic a bhaintear an cosán stairiúil ar shiúl nuair a dhéantar 'leasuithe' riachtanacha. Moltar na hábhair thosaigh stairiúla phábhála a úsáid sa leagan

amach nua. Cuidiú a bheidh sa suirbhé a dhéanfaidh an grúpa pobail don Údarás Áitiúil ó thaobh pleanála de.

Rud atá le feiceáil i gcuid mhaith de bhailte móra agus sráidbhailte na tíre ná cáblaí leictreacha agus eile lastuas. Glactar leis gur féidir cur le cuma áite agus le tarraingteacht sráid-dreacha má chuirtear cáblaí leictreacha faoin talamh i mbaile mór nó sráidbhaile, ach tuigtear go mbíonn tionscadail mar sin costasach agus go dtiteann siad lasmuigh de raon feidhme Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara. Bíodh sin mar atá, moltar gur chóir do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara dul i mbun oibre go dlúth lena nÚdaráis Áitiúla (agus soláthraithe eile fóntas) le dul i ngleic leis an gceist seo. Mar shampla, ba chóir do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara iarraidh ar a nÚdaráis Áitiúla an duchtra sreinge riachtanach a chur isteach má bhíonn deisiúchán nó athdhromchlú á dhéanamh ar chosán nó bóthar, toisc go bhfágfaidh sé sin go mbeifear in ann na cáblaí a chur faoin talamh nuair a bheidh an maoiniú ann. Glactar leis gur féidir cur le cuma áite agus le tarraingteacht sráid-dreacha má chuirtear cáblaí leictreacha faoin talamh i mbaile mór nó sráidbhaile toisc go mbeidh radharc breá ann ar fhoirgnimh agus ar an sráid-dreach.

Le tamall de bhlianta anuas, tá limistéir atá leagtha amach go príomha don choisí ag teacht chun cinn mar chuid de scéimeanna Athnuachana Bailte Móra agus Sráidbhailte. Leis sin a bhaint amach, táthar tar éis sráideanna níos cúinge a chur isteach, cosáin níos leithne, áiteanna pábháilte níos mó, suíocháin amuigh a bhféadfaidh siopaí caife agus bialanna iad a úsáid, agus tá spásanna páirceála ar an bpríomhshráid á gcur in úsáid nua mar phláis uirbeacha a bhfuil suíocháin agus plandaí iontu. Tá scéimeanna mar seo le moladh. Cuireann siad beocht sna príomhshráideanna agus tá siad i ndiaidh coisithe a spreagadh le dul ag siúl, rudaí a théann chun tairbhe don earnáil miondíola agus tráchtála.
Rud eile a úsáidtear go ginearálta ná ábhair phábhála áitiúla, agus tá sé seo le moladh. Is minic a fhostaíonn Údaráis Áitiúla ailtirí tírdhreacha leis an obair dheartha seo a dhéanamh más saineolaithe iad ó thaobh ábhair chuí a roghnú de. Tá athrú tagtha ar na hábhair a úsáidtear ar dhromchla áiteanna páirceála carranna le himeacht na mblianta. Baintear feidhm anois as gairbhéal rollta nó leaca pábhála seachas tarramhacadam neamh-thréscaoilteach.
Ós rud é go bhfuil na dromchlaí seo póiriúil, fágann siad gur féidir féar a fhás i limistéir lárnacha uirbeacha. Moltar do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara dul i mbun plé leis an Údarás Áitiúil chun na socruithe cuí a dhéanamh le go mbeidh pábháil, suíocháin agus plandú suaithinseach ann i lár cathracha, bailte móra agus sráidbhailte.

Is cuid dár stair iad leachtanna a dhéanann comóradh ar dhaoine nó imeachtaí. Cuireann siad scéal na háite os ár gcomhair. Léiriú atá sa tslí a gcuirtear ar taispeáint iad an tábhacht a bhain le duine nó le heachtra áirithe. Má bhítear chun leacht nó saothar ealaíne poiblí a choimisiúnú agus a chur áit éigin, ba chóir an cás a mheas go cúramach le go bhfaighfear áit chuí dá leithéid. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon múrphictiúr ar bhallaí binne i mbailte móra le cúpla bliain anuas. Ba chóir an chothabháil leanúnach a theastaíonn a chur san áireamh sula dtugann pobal faoin gcineál seo ealaíne. Is gá smaoineamh go cúramach faoin scéim dathanna do throscán sráide, cuir i gcás suíocháin, umair phlandaithe, cuaillí solais, comharthaí tráchta, araidí agus troscán sráide eile. Seo earraí tánaisteacha i gcomparáid leis an sráid-dreach. Níor chóir dathanna geala a úsáid le hiad a phéinteáil go mbeidh siad suntasach. Ós rud é nach iad an ghné is tábhachtaí de shráid-dreach iad, ba chóir smaoineamh orthu mar chúlra le foirm agus chruth sráideanna agus na bhfoirgneamh iontu.

## COMHARTHAÍOCHT

Tá comharthaíocht in ann dul i bhfeidhm go mór ar shráid-dreach agus spásanna poiblí i gcathracha, bailte móra agus sráidbhailte. Is rudaí tábhachtacha iad comharthaí sráide agus comharthaí treo, ach ba chóir comharthaí nach bhfuil riachtanach a bhaint toisc gur tranglam atá ina leithéid, rud a bhaineann ón sráid-dreach. Bíonn sé seo le feiceáil go háirithe i gcás comharthaí fógraíochta a chuirtear i ngach áit i lár bailte móra agus sráidbhailte agus ar áitribh thráchtála, cuid acu a mbíonn meascán comharthaí fógraíochta orthu. Seans gur gá méid áirithe fógraíochta a chur in airde le custaiméirí a mhealladh, ach tá sráid-dreacha na tíre go hiomlán trína chéile le tamall de bhlianta anuas de dheasca go bhfuil an oiread sin comharthaí ann. Rud coitianta é go mbíonn níos mó ná comhartha amháin fógraíochta a fheiceáil ar aon áitreabh amháin. Má bhíonn aon chomhartha amháin ann, é deartha go héifeachtach, meallfaidh sé sin an oiread céanna custaiméirí le rud ar bith eile agus cuirfidh sé leis an áitreabh miondíola/tráchtála. Moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara tabhairt faoi shuirbhé ar

chomharthaí sráide agus treo, cuaillí sráide agus comharthaí fógraíochta ina gceantar, le féachaint an bhfuil aon chomharthaí ann a bhfuil drochbhail orthu nó aon chinn atá gan feidhm agus iad siúd a bhaint ionas nach mbeidh tranglam sa sráid-dreach.

Tá ainmneacha sráideanna in ann stair baile mhóir nó shráidbhaile a insint dúinn. Is minic a chuireann siad i gcuimhne dúinn gné den saol nó gníomh eile atá imithe le fada. Cuireann siad muid ar an eolas uaireanta faoi phearsana stairiúla a chuaigh i bhfeidhm ar an áit agus a raibh meas mór orthu go háitiúil. Maidir leis na seanchomharthaí a bhfuil ainmneacha orthu, is minic saothar ealaíne iad, cuid acu greanta as saoirseacht chloiche. Ba nós traidisiúnta é comharthaí nó ainmneacha sráide a dhéanamh as iarann teilgthe agus a chur in airde ar na foirgnimh ar choirnéal sráide. Moltar gur chóir na comharthaí sráide a chur san áireamh i suirbhéanna ailtireachta agus a shocrú thart ar 4 mhéadar os cionn leibhéal na talún. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh seanchomharthaí ainmneacha sráide a choinneáil má bhíonn tionscadail athfhorbartha ann. Agus obair athfhorbartha ar bun, tá cuid mhaith de na comharthaí sráide seo imithe. Is trua é sin, mar gur cuid de stair na háite a bhí iontu. Ba chóir do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara tacaíocht a thabhairt leis na seanchomharthaí a chur in airde arís nuair a bheidh an obair i gcrích. Má bhíonn comhartha sráide ann agus é deartha go maith, cuirfidh sé sin leis an áit chomh maith lena ról staire a chomhlíonadh.

## CÓIREÁLACHA TEORAINNEACHA

Táthar tar éis úsáid a bhaint as meascán ábhar i gcaitheamh na blianta chun teorainneacha a léiriú idir spásanna príobháideacha agus poiblí. Cuireann na cóireálacha teorainneacha seo le cathracha, bailte móra agus sráidbhailte na tíre.
Ba nós traidisiúnta é go mbeadh balla cloiche ard ann, nó balla cloiche íseal chomh maith le ráillí iarrainn theilgthe arda, leis an spás príobháideach idir an teach agus an bóthar poiblí a dheighilt. Léiríonn cuid mhaith acu seo an oidhreacht agus an cheardaíocht áitiúil. Áit ar bith a bhfuil siad fós ann, ba chóir aire a thabhairt le hiad a chaomhnú. Ba chóir eidhneán nó aon fhásra eile a bhaint go cúramach ó bhallaí cloiche (droichid, etc. san áireamh) ar eagla go rachadh na fréamhacha isteach sna siúntaí, rud a d'fhágfadh go dtitfeadh an struchtúr de réir a chéile. Is fearr comhairle a fháil ó shaineolaí má bhítear ag beartú eidhneán a bhaint ó bhallaí cloiche, etc. Déantar an deighilt idir spás príobháideach agus spás poiblí in áiteanna nuathógtha a bhaint amach go minic anois le ballaí ísle (gan iad a bheith níos mó ná 1m in airde). Is iad na daoine atá ina gcónaí sna foirgnimh a choinníonn súil ar an ríocht phoiblí. I gcásanna áirithe, ní bhíonn cóireáil teorann ann, nó ní bhíonn ann ach athrú sa chóireáil talún, mar shampla pábháil go gairbhéal nó féar. Is minic seo le feiceáil i bpobail atá níos lú agus léiriú atá ann ar nádúr stairiúil na háite.

## CONCLÚID

Is soiléir go bhfuil an áilleacht, suaithinseacht, gleoiteacht agus ómós áite atá le fáil i gcuid mhaith de chathracha, bailte móra agus sráidbhailte na tíre bunaithe ar réimse leathan foinsí tionchair. Cé gur soiléir an tionchar láidir a imríonn gnéithe tábhachtacha, cuir i gcás na sráid-dreacha, foirgnimh, úsáid talún (miondíol, cónaí, etc.) agus spásanna poiblí, ba chóir leachtanna, comharthaí, cóireálacha teorainneacha agus ábhair phábhála a mheas mar ghnéithe suntasacha chomh maith, rudaí a chuireann le cuma cathracha, bailte móra agus sráidbhailte, mar aon leis an méid a chuireann siad ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí. Is soiléir lena chois go bhfuil ról le comhlíonadh againn ar fad chun cathracha, bailte móra agus sráidbhailte na tíre a fheabhsú. Leis sin a dhéanamh, beidh bainistiú cúramach réamhghníomhach le déanamh ag gach páirtí leasmhar (údaráis áitiúla, gnólachtaí, muintir na háite, mar shampla). Tá ról tábhachtach le comhlíonadh ag grúpaí na mBailte Slachtmhara sa phróiseas seo.




Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SuperValu

Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol